AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.1.2026
COM(2026) 40 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

ar an meastóireacht eatramhach ar an gclár Custaim um chomhar i réimse an chustaim le haghaidh 2021-2027

{SWD(2026) 20 final}

1. Réamhrá

Is príomhcholún den mhargadh aonair é Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh, ar inniúlacht eisiach é de chuid an Aontais a bhfuil Cód Custaim an Aontais[1] (CCA) mar bhonn taca léi. Ráthaítear leis saorchúrsaíocht earraí laistigh de chríoch custaim an Aontais, agus taraif chustaim aonair agus rialacha comhchuibhithe á gcur i bhfeidhm ag an teorainn sheachtrach ag an am céanna. Le CCA, a glacadh in 2013 agus a cuireadh chun feidhme de réir a chéile ó bhí 2016 ann, leagtar síos an creat le haghaidh timpeallacht chustaim atá go hiomlán leictreonach agus gan pháipéar agus le haghaidh cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na reachtaíochta custaim ar fud na mBallstát. Chun an fhís sin a bhaint amach, tá gá ní hamháin le cur chun feidhme náisiúnta ach, chomh maith leis sin, le comhinfheistíocht shubstaintiúil i gCórais Leictreonacha Eorpacha (EES) ar mhórscála, i modhanna oibre comhchoiteanna agus in oiliúint chun a áirithiú gur féidir le riaracháin chustaim oibriú go rianúil mar aon ní amháin. Is é an clár Custaim an uirlis thiomnaithe chun an tacaíocht sin a sholáthar. Comhthiomsaíonn sé acmhainní agus saineolas chun an tAontas Custaim a choinneáil ag feidhmiú i gcomhthéacs méideanna trádála atá ag fás, teicneolaíochtaí nua agus brúnna geopholaitiúla luaineacha.

Is é an clár Custaim le haghaidh 2021-2027, arna rialú le Rialachán (AE) 2021/444, clár comhair reatha an Aontais i réimse an chustaim, a bheidh ar siúl ó 2021 go 2027. Tá sé d'aidhm aige tacú le hAontas Custaim an Aontais Eorpaigh agus leis na húdaráis chustaim rannpháirteacha ag gníomhú dóibh mar aon ní amháin chun leasanna airgeadais agus eacnamaíocha an Aontais agus a Bhallstát a chosaint, chun slándáil agus sábháilteacht a áirithiú laistigh den Aontas agus chun an tAontas a chosaint ar thrádáil éagórach agus neamhdhleathach, le linn dó gníomhaíocht ghnó dhlisteanach a éascú ag an am céanna. Tacaíonn an clár le hullmhú agus le cur chun feidhme aonfhoirmeach reachtaíocht agus beartas custaim ar fud na hEorpa; le comhar idir údaráis chustaim; le fothú acmhainneachta riaracháin agus TF, lena n-áirítear inniúlacht agus oiliúint an duine, chomh maith le Córais Leictreonacha Eorpacha (EES) a fhorbairt agus a oibriú; agus le nuálaíocht i réimse an bheartais custaim.

Tá buiséad EUR 950 milliún ag an gclár idir 2021 agus 2027, tréimhse an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair. I gcomparáid leis an gclár a bhí ann roimhe, an clár Custaim 2020 (EUR 523 mhilliún), tá buiséad an chláir atá ann faoi láthair méadaithe faoi dhó nach mór. Is léiriú é sin ar scála an digitithe agus ar an uaillmhian oibríochtúil faoin CAI seo chun Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme, agus cur chun feidhme iomlán chlár oibre Chód Custaim an Aontais le tabhairt chun críche faoi dháta nach déanaí ná an 31 Nollaig 2025. Leis an gcistiú sin, is féidir ardchórais leictreonacha a fhorbairt lena gcuíchóirítear próisis chustaim, lena neartaítear slándáil Mhargadh Aonair an Aontais agus lena gcuirtear ar chumas na n-údarás custaim freagairt ar bhealach níos fearr do dhúshláin trádála dhomhanda atá ag teacht chun cinn.

Caitear an chuid is mó den bhuiséad (os cionn 90 %) ar chomhpháirteanna coiteanna na gCóras Leictreonach Eorpach (EES) a fhorbairt agus a chothabháil, ar comhpháirteanna iad a fhorbraítear ar leibhéal an Aontais agus atá ar fáil do na Ballstáit uile. Leis na comhpháirteanna

[1] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais.

sin, is féidir an tAontas Custaim a chur chun feidhme go héifeachtúil agus is féidir d'údaráis chustaim na mBallstát a bheith ag obair i gcomhar le chéile go héifeachtach. Tá na córais ceaptha chun timpeallacht leictreonach rianúil shlán a chruthú chun sonraí a mhalartú idir údaráis chustaim agus le hoibreoirí eacnamaíocha agus, chomh maith leis sin, chun bainistiú fónta riosca a áirithiú.

Leis an gcuid eile den bhuiséad, tacaítear le gníomhaíochtaí comhoibríocha agus le gníomhaíochtaí maidir le hinniúlacht an duine. Neartaíonn siad sin cumas oibríochtúil agus feidhmíocht na riarachán custaim náisiúnta agus cuidíonn siad leo chun bheith ag obair i gcomhar agus ag comhroinnt eolais lena chéile. Cuirtear tacaíocht ar fáil, go háirithe, do chomhoibriú tionscadalbhunaithe, d'oiliúint, do mheithleacha, do sheimineáir agus ceardlanna, do chuairteanna oibre agus d'fhoirne saineolaithe, i.e. comhoibriú struchtúrtha idir líon athraitheach Ballstát rannpháirteach a bhfuil leas acu in ábhar ar leith. Cuirtear oiliúint ar fáil trí Thairseach Foghlama an Aontais Eorpaigh maidir le Custam agus Cáin (ar a dtugtar an Córas Bainistíochta Foghlama (LMS) freisin).

2. Torthaí na meastóireachta eatramhaí

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo torthaí na meastóireachta eatramhaí ar an gclár Custaim le haghaidh 2021-2027, i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/444. Tá doiciméad inmheánach oibre mar bhonn taca leis, ina ndéantar mionscrúdú ar chur chun feidhme agus ar fheidhmíocht an chláir Custaim go dtí seo (2021-2024). Leis an meastóireacht eatramhach, cuirtear na critéir maidir le Rialáil Níos Fearr i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, breisluach AE agus ábharthacht an chláir. Dírítear go soiléir ar chomhpháirteanna coiteanna na gCóras Leictreonach Eorpach (EES) ach déantar an anailís ar na gníomhaíochtaí comhoibríocha a rinneadh i staidéir roimhe seo a thabhairt cothrom le dáta sa mheastóireacht eatramhach freisin. Díríonn sé ar ghnéithe den chlár reatha atá nua, amhail gníomhaíochtaí a bhaineann le fothú acmhainneachta agus oiliúint choiteann, agus gníomhaíochtaí nuálaíochta. Cuirtear foirne saineolaithe san áireamh san anailís freisin, toisc gur gníomhaíochtaí níos nuaí iad sin i gcomparáid le gníomhaíochtaí comhair eile a tugadh isteach faoin gclár Custaim 2020.

Ó thaobh na modheolaíochta de, comhcheanglaítear sa mheastóireacht eatramhach táscairí ar leibhéal na punainne ón gCreat Faireacháin agus Meastóireachta (CFM) le léargais mhionsonraithe ó thaighde cás-staidéir ar chomhpháirteanna coiteanna na gCóras Leictreonach Eorpach (EES). Comhlánaítear é le taighde spriocdhírithe agus taighde ginearálta araon lena gcumhdaítear fairsinge thacaíochtaí an chláir. Is léiriú é an cur chuige sin ar phrionsabal na comhréireachta, ós rud é gur leis na Córais Leictreonacha Eorpacha (EES) a bhaineann an sciar is mó den chaiteachas, agus tugann sé aghaidh ar bhearnaí fianaise ó na timthriallta meastóireachta a rinneadh roimhe seo. Rinneadh ceithre chás-staidéar neamhspleácha maidir le Córais Leictreonacha Eorpacha (EES) ar leith mar aon le cás-staidéar ar an gCóras Bainistíochta Foghlama (LMS):

- **Córas nua Rialaithe Allmhairí (CRA2) an Aontais**, lena dtacaítear le hiarrachtaí chun sábháilteacht agus slándáil an Aontais a áirithiú trí fhaisnéis faoi earraí a thagann isteach san Aontas a bhailiú agus a anailísiú ag céim luath, chun coinsíneachtaí a bhféadfadh ardriosca a bheith ag baint leo a shainaithint;
- an **córas a forbraíodh le haghaidh Cruthúnas ar Stádas an Aontais (PoUS)**, arb é is aidhm dó nósanna imeachta a dhéanamh níos aonfhoirmí ar fud an Aontais agus rannchuidiú le próiseas níos comhsheasmhaí, níos comhchuibhithe agus, mar sin, níos simplithe a bhunú maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais;
- **córas nua Imréiteach Láraithe Allmhairiúcháin an Aontais (EU CCI)**, lena gcuirtear ar chumas trádálaithe iontaofa atá údaraithe ag CCI dearbhuithe custaim a chur isteach i mBallstát amháin den Aontas agus na hearraí á dtíolacadh go fisiciúil le haghaidh a n-imréitigh i mBallstát eile. Éascaíonn sé sin trádáil, agus ag an am céanna tacaíonn sé le bainistiú éifeachtach riosca agus le sásra comhpháirteach um rialuithe custaim, agus áirithíonn sé bailiú cuí dleachtanna agus muirear eile;
- **digitiú rialuithe nua ar Allmhairiú Earraí Cultúrtha (ICG)**, lena n-áirítear comhar digiteach le húdaráis chustaim trí thimpeallacht ionaid ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le custam. Ós rud é nach raibh an córas sin (agus na rialuithe gaolmhara) le cur chun úsáide go dtí an 28 Meitheamh 2025, díríodh sa chás-staidéar sin ar an gcur chuige bainistíochta chun ICG a fhorbairt;
- forbraíodh an cás-staidéar ar an g**Córas Bainistíochta Foghlama (LMS)** chun anailís costais is tairbhe a sholáthar ar an tairseach nua sin, ag tarraingt ar shuirbhé ar úsáideoirí, ar shuirbhé ar an nGrúpa Tacaíochta Oiliúna a rinne Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim (AS TAXUD) roimhe seo, ar agallaimh le hoifigigh AS TAXUD agus le hoifigigh oiliúna de chuid na mBallstát, agus ar thaighde deisce.

Ceapadh na hiarrachtaí bailithe sonraí i dtaca le measúnú foriomlán an chláir chun go mbeidís cuimsitheach agus go dtabharfaidís tús áite do thaighde príomhúil ar na príomh-shaincheisteanna ag an am céanna. Áiríodh leis sin taighde deisce (lena gcumhdaítear sonraí ón gCreat Faireacháin agus Meastóireachta (CFM), ach gan a bheith teoranta dóibh), agallaimh spriocdhírithe le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear oifigigh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, oifigigh riaracháin custaim agus oibreoirí eacnamaíocha, agus suirbhé ar údaráis chustaim náisiúnta.

2.1. Éifeachtacht

Le tacaíocht an chláir Chustaim do **chomhpháirteanna coiteanna na gCóras Leictreonach Eorpach (EES)**, rannchuidítear go mór chun beartas custaim an Aontais a chur chun feidhme agus chun córais Chód Custaim an Aontais (CCA) a chur chun cinn roimh spriocdháta a gcur chun úsáide in 2025. Comhthacaítear leis an méid sin sa mheastóireacht eatramhach. Is díol suntais ar leith é an dul chun cinn atá déanta maidir le cur i bhfeidhm leanúnach CRA2, rud atá mór ó thaobh an bhuiséid de agus atá ag rannchuidiú cheana féin le slándáil agus sábháilteacht an Aontais trí urghabháil earraí a bhfuil riosca níos airde ag baint leo. Bhí an tionscadal casta sin, a forbraíodh go lárnach, an-teicniúil agus bhí dúshláin áirithe ag baint leis, ach is dea-chomhartha é a fheabhas is atá ag éirí leis do thionscnaimh a bheidh faoi stiúir an Choimisiúin amach anseo. Athdhearbhaítear sa mheastóireacht eatramhach a thábhachtaí agus atá tacaíocht

an chláir do Chórais Leictreonacha Eorpacha (EES), ach tugtar faoi deara inti freisin, i gcás roinnt córas nua, amhail PoUS agus EU CCI, go bhfuil moill ar Bhallstáit comhpháirteanna náisiúnta a fhorbairt agus iad a nascadh leis an lárchóras.

Leanann **gníomhaíochtaí comhoibríocha** arna gcistiú ag an gclár de thorthaí an-dearfacha a bhaint amach. Is iad na gníomhaíochtaí sin gné dhaonna an chláir. Tacaíonn siad le líonrú, úinéireacht ar dhúshláin agus deiseanna foghlama. Déantar leo freisin oiliúint chomhsheasmhach ar fud an Aontais a áirithiú, malartú dea-chleachtas a éascú agus réitigh choiteanna a chur chun cinn. Léiríodh go bhfuil foirne saineolaithe éifeachtach ó thaobh deiseanna comhair a chur ar fáil idir an Coimisiún agus údaráis chustaim náisiúnta, agus iad ag feidhmiú mar ardáin le haghaidh saineolas a chomhthiomsú chun tascanna i réimsí sonracha a dhéanamh nó chun gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhéanamh.

Seoladh an **Córas Bainistíochta Foghlama (LMS)** nua in 2021 agus d'éirigh leis teacht in ionad an chur chuige ilroinnte a leantaí roimhe sin nuair a bhíodh gníomhaíochtaí oiliúna scaipthe thar roinnt suíomhanna gréasáin. Is mór ag úsáideoirí fáil a bheith acu ar na gníomhaíochtaí uile ar aon tairseach amháin agus, go ginearálta, tá ardmheas ar ghnéithe den tairseach. Mar thoradh air sin, tá méadú tagtha ar an dóchúlacht go dtabharfaidh oifigigh náisiúnta faoi na cúrsaí atá ar fáil. Tá dóthain sonraí ar fáil anois maidir le treochtaí úsáide, rud a fhágann gur féidir machnamh a dhéanamh ar spriocanna a leagan síos agus machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun an lucht foghlama a fhorbairt a thuilleadh. Áirítear leis sin aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh na Ballstáit chun úsáid na feidhmiúlachta sin a mhéadú, trína chur ar a gcumas a gcórais bhainistíochta foghlama féin a nascadh go díreach le LMS.

Le leagan amach reatha an chláir, tugadh isteach nuálaíocht mar chuspóir sonrach agus mar chineál gníomhaíochta sonrach, agus é mar aidhm acu sin gníomhaíochtaí nua a ghiniúint mar fhreagairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn. Níor baineadh amach go fóill a rabhthas ag súil leis ón tús. Cuireadh é sin i leith an ama a thóg sé an cuspóir sonrach nua sin a leabú agus coincheap na nuálaíochta agus gníomhaíochtaí incháilithe a shainiú. D'fhéadfadh sé go mbeadh dul chun cinn níos mó déanta dá mba rud é go raibh ceannaireacht thiomnaithe ar fáil chun gníomhaíochtaí sa réimse sin a chur chun cinn nó chun sineirgí a chruthú le foinsí tacaíochta eile ón Aontais sa réimse sin.

2.2. Éifeachtúlacht

Baineadh úsáid as cur chuige frithfhíorasach sa mheastóireacht eatramhach chun measúnú a dhéanamh ar chostéifeachtúlacht trí cinn de na **Córais Leictreonacha Eorpacha (EES)** a breithníodh: CRA2, PoUS agus EU CCI. Fuarthas amach go raibh an cur chuige a glacadh chun na córais sin a fhorbairt níos costéifeachtaí ná roghanna eile, a d'éileodh níos mó acmhainní airgeadais agus daonna ar an leibhéal náisiúnta. Ghlac riaracháin chustaim náisiúnta agus páirtithe leasmhara san earnáil go maith le ceannaireacht an Choimisiúin, agus d'eascair an chuid is mó de na neamhéifeachtúlachtaí as gnéithe díláraithe de na Córais Leictreonacha Eorpacha (EES). Leagadh béim san aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara san earnáil ar an tábhacht a bhaineann le cumarsáid atá fabhrach do ghnólachtaí chun comhlíonadh tráthúil a éascú, go háirithe i gcás tionscadal atá casta. Leagadh béim freisin ar an ngá atá le hamchláir shoiléire chun córais a chur chun úsáide, rud a d'fhágfadh gurbh fhéidir cur chun feidhme

céimnithe nó agaithe a dhéanamh i gcás ina mbeadh na córais casta.Cé nár cuireadh rialuithe ar ICG i bhfeidhm go fóill, ghlac na Ballstáit go maith leis an bpróiseas forbartha agus ba shampla den dea-chleachtas é athúsáid modúl a bhí ann cheana arna fhorbairt ag an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (AS SANTE).

Tugadh le fios sa mheastóireacht eatramhach go bhfuil meas ar na **gníomhaíochtaí comhoibríocha** agus go mbíonn siad tairbheach ar an iomlán. Mar sin féin, ní bhíonn na Ballstáit chomh réamhghníomhach agus a d'fhéadfaidís a bheith agus iad ag gabháil d'fhoirne saineolaithe. Bíonn dúshláin acmhainneachta rompu a chuireann bac ar an rannpháirtíocht ghníomhach, agus bíonn ualaí suntasacha riaracháin orthu siúd atá i róil cheannaireachta go háirithe. Fágann sé sin go mbíonn drogall ar na Ballstáit na róil sin a ghlacadh chucu féin.

Bhain an mheastóireacht eatramhach leas forleathan as na táscairí a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán maidir leis an gClár (AE) 2021/444 agus sa ghníomh tarmligthe forlíontach[2] agus sa doiciméad inmheánach oibre gaolmhar maidir leis an g**Creat Faireacháin agus Meastóireachta (CFM)**[3]. Tá feabhas nach beag tagtha ar an gcreat nua atá i bhfeidhm ó bhí 2021 ann i gcomparáid leis an gcreat a bhí ann roimhe. Mar sin féin, tá sé fós fo-optamach ó thaobh na sonraí a bhailítear agus an chaoi a n-úsáidtear iad ina dhiaidh sin. Is amhlaidh atá, i bpáirt, toisc go bhfuil CFM fós beagán deacair le láimhseáil, le thart ar 40 táscaire caolchúiseacha, d'ainneoin an babhta is déanaí cuichóirithe.

2.3. Comhleanúnachas

Rud nua a rinneadh faoin gclárthréimhse reatha ba ea tabhairt isteach (faoi bhunús dlí difriúil) na h**Ionstraime um Threalamh Rialaithe Custaim (CCEI)**[4]. Tacaíonn an ionstraim le trealamh custaim a cheannach chun a áirithiú gur féidir le húdaráis chustaim rialuithe custaim níos sofaisticiúla agus níos comhsheasmhaí a dhéanamh. Comhlánaíonn an clár Custaim an ionstraim nua seo trí fheabhas a chur ar eolas na n-oifigeach ar na teicneolaíochtaí atá ar fáil agus ar an mbealach is fearr chun iad a úsáid. Déantar é sin trí fhóram a chur ar fáil chun eolas a mhalartú agus dea-chleachtais a chomhroinnt. Mar gheall ar an líon méadaitheach cúraimí a dhéanann údaráis chustaim le linn an rialaithe custaim (atá nasctha go príomha le toirmisc agus srianta ar ghluaiseacht earraí thar an teorainn sheachtrach), tá sé níos tábhachtaí ná riamh go mbeadh tacaíocht an chláir comhleanúnach le hionstraimí eile, lena n-áirítear an comhchlár arna bhainistiú ag AS TAXUD chun beartas cánach a sholáthar (**clár Fiscalis**[5]) agus CCEI, ach gan a bheith teoranta dóibh. Leis an meastóireacht eatramhach, soláthraítear fianaise go bhfuil sineirgí agus comhlántachtaí soiléire ag an gclár Custaim le clár Fiscalis agus le CCEI araon. Sampla amháin is ea Tairseach Foghlama an Aontais maidir le Custam agus Cáin (LMS), ar tháinig feabhas ar comhleanúnachas an chláir le Fiscalis mar thoradh ar an gcomhthairseach

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2565 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/444 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le forálacha maidir le bunú creata faireacháin agus meastóireachta.
[3] SWD(2023) 24 final
[4] Rialachán (AE) 2021/1077 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim.
[5] Rialachán (AE) 2021/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár 'Fiscalis' chun comhar a dhéanamh i réimse an chánachais.

nua. Úsáidtear an tairseach LMS le haghaidh oiliúint ar threalamh rialaithe custaim freisin. Le sásraí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, áirithítear comhleanúnachas idir an clár Custaim agus clár Fiscalis agus tacaítear leis an gcomhar eatarthu. Áirítear leis sin cuir chuige/prionsabail agus nósanna imeachta ailínithe um bainistiú clár, e.g. treoracha oibríochtúla comhchuibhithe, teimpléid choiteanna, agus cruinnithe comhpháirteacha de chomhordaitheoirí chláir náisiúnta an chláir Chustaim agus chlár Fiscalis.

Dála an chláir roimhe seo, áirithíodh go mbeadh an clár atá ann faoi láthair comhleanúnach le hionstraimí ábhartha eile, ach éilíonn an comhleanúnachas sin iarrachtaí réamhghníomhacha leanúnacha agus níor cheart talamh slán a dhéanamh de. Go háirithe, i bhfianaise gur cuspóir sonrach é nuálaíocht a chothú i réimse an bheartais custaim, d'fhéadfaí leas níos fearr a bhaint as sineirgí le **Fís Eorpach**[6]. D'fhéadfadh sé freisin go bhfuil sineirgí ann a bhféadfaí leas a bhaint astu trí úsáid a bhaint as an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil[7].

2.4. Breisluach AE

Leis na hanailísí frithfhíorasacha a úsáidtear sa mheastóireacht eatramhach, is féidir léiriú fianaisebhunaithe a thabhairt ar bhreisluach ról an Aontais chun cuidiú le cuspóirí an chláir a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. I gcás CRA2, léiríonn an fhianaise go bhfuil an cur chuige láraithe dhá uair go ceithre huaire níos costéifeachtaí ná a mhalairt. Deimhnítear leis an aiseolas a bailíodh le haghaidh PoUS, sa dá chás fhrithfhíorasacha a tástáladh, go mbeadh an t-ualach airgeadais foriomlán ar bhuiséid náisiúnta i bhfad níos mó ná mar atá faoin gcóras hibrideach, i.e. samhail le lárchóras, arna forbairt ag an gCoimisiún, agus naisc roghnacha (le haghaidh chéim 1 agus 2) agus nasc éigeantach (le haghaidh chéim 2) a bheadh le cur chun feidhme ag na Ballstáit. Tá méaduithe suntasacha ar chostais infheistíochta agus ar chostais a bhaineann le hoibríochtaí rialta araon ag baint leis an tsamhail sin. Is féidir leis na Ballstáit costais a laghdú trí chóras nua tras-Eorpach amhail córas EU CCI a chur chun feidhme freisin. Ar an taobh eile, d'uireasa sonraíochtaí comhroinnte agus comhpháirteanna lárnacha, thabhódh gach Ballstát costais shuntasacha mar gheall ar an ngá a bheadh le nósanna imeachta náisiúnta ilroinnte a choinneáil ar bun. Ciallaíonn sé sin go mbeadh laghdú ar an iomaíochas foriomlán agus méadú ar ualaí agus costais riaracháin d'údaráis chustaim náisiúnta. Rannchuidiú eile a rinne EU CCI is ea gur bhain na Ballstáit úsáid fhorleathan as sonraíochtaí coiteanna an chórais chun córais náisiúnta allmhairiúcháin a thógáil agus a uasghrádú araon, rud a d'fhág go raibh coigilteas costais agus gnóthachain éifeachtúlachta ann, agus comhlíontacht rialála ar leibhéal an Aontais á háirithiú ag an am céanna.

Deimhnítear sa mheastóireacht eatramhach go mbaineann an clár Custaim éifeachtúlachtaí scála amach maidir le fothú acmhainneachta TF. Cuireann gníomhaíochtaí comhoibríocha deiseanna ar fáil le haghaidh comhair, cumarsáide agus líonraithe ar fud an Aontais. Ní fhéadfaí

[6] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach.
[7] Féach: https://commission.europa.eu/funding-tenders/find-funding/eu-funding-programmes/technical-support-instrument/technical-support-instrument-tsi_ga.

iad sin a bhaint amach gan rannpháirtíocht an Aontais agus tá siad fíor-riachtanach chun cur chun feidhme comhchuibhithe bheartas custaim an Aontais a áirithiú.

Mheas na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo go raibh sé deacair bealaí malartacha oibriúcháin agus comhair a shamhlú, go háirithe a mhéid a bhaineann le bainistiú na gcóras digiteach a fhaigheann tacaíocht ón Aontas agus an ról atá acu san Aontas Custaim. Gan an clár Custaim, níor mhór comhar agus comhroinnt sonraí idir tíortha rannpháirteacha a bheith bunaithe ar chaidrimh neamhfhoirmiúla, neamhstruchtúrtha idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún, nó ar chainéil fhoirmiúla agus ar chomhaontuithe cómhalartachta. Bheadh sé i bhfad níos casta agus níos costasaí é sin a chur chun feidhme.

Trí chomhpháirteanna coiteanna de chórais dhigiteacha a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais, rannchuidítear le dúshláin éagsúla a mhaolú, is é sin, acmhainneacht éagothrom na riarachán custaim náisiúnta ó thaobh bonneagar TF agus infhaighteacht trealaimh de; acmhainní daonna agus próisis oibríochtúla; an reachtaíocht ábhartha a bheith á léirmhíniú agus á cur chun feidhme go míchothrom ag riaracháin chustaim; agus bacainní geografacha, riaracháin, dlíthiúla agus straitéiseacha ar an gcomhar.

2.5. Ábharthacht

Athdhearbhaíodh i meastóireachtaí leantacha go bhfuil tacaíocht an Aontais ábhartha do chomhar custaim. Tá an toradh sin fós bailí ar an mórgóir. Seoladh an clár atá ann faoi láthair i dtús 2021 le linn géarchéime amháin, mar atá, paindéim COVID-19. Ansin tháinig géarú ar ghéarchéim eile, cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine i mí Feabhra 2022. Tá an staid gheopholaitiúil díchobhsaithe ó shin ag imeachtaí seachtracha eile, rud a raibh tionchar aige ar obair údaráis chustaim an Aontais. Cé go bhfuil cuid mhór de thacaíocht an chláir sách seasta (ós rud é go bhfuil sé tiomnaithe do Chórais Leictreonacha Eorpacha), d'fhreagair sé freisin do riachtanais gan choinne a tháinig chun cinn. Baineadh úsáid as tacaíocht ón gclár chun treoirlínte a ullmhú chun bearta sriantacha (smachtbhannaí) nach bhfacthas a leithéidí riamh roimhe, arna bhforchur ar an Rúis agus ar an mBealarúis, a aistriú ina bpróisis ar féidir le hoifigigh chustaim (nach ndéileálfadh de ghnáth le smachtbhannaí ar an scála nó ar an raon feidhme sin) iad a chur chun feidhme go héifeachtach ina gcuid oibre ó lá go lá. D'éirigh leis an gclár an Úcráin a chur san áireamh go tapa mar thairbhí den chlár freisin. Ina theannta sin, chuir Foireann Saineolaithe Teorann an Oirthir agus an Oirdheiscirt (CELBET), arna maoiniú ag an gclár Custaim, agus gníomhaíochtaí eile de chuid an chláir, amhail cuairteanna oibre spriocdhírithe, cúnamh ar fáil do na Ballstáit a bhfuil teorainn acu leis an Úcráin chun bealaí trádála na hÚcráine a choinneáil ar oscailt tríd an tionscnamh 'Lánaí Dlúthpháirtíochta'[8].

Sainaithníodh na dúshláin a bhaineann leis an **ríomhthráchtáil** roimh sheoladh an chláir seo agus tá na dúshláin sin ag dul i méid go leanúnach ó shin i leith. Meastar go n-éilíonn siad sin athrú níos bunúsaí ar an mbeartas custaim, mar a mholtar faoi Athchóiriú Custaim an Aontais[9]. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé gur ghá athmheasúnú a dhéanamh ar leanúint an chláir de bheith

[8] Féach: https://commission.europa.eu/topics/eu-solidarity-ukraine/eu-assistance-ukraine/eu-ukraine-solidarity-lanes_ga.
[9] COM(2023) 257 final

ábhartha tar éis ghlacadh an athchóirithe, mar chuid den mheastóireacht deiridh ar an gclár, b'fhéidir.

3. Ceachtanna a foghlaimíodh

Sainaithnítear sa roinn thíos sraith ceachtanna a d'fhéadfadh a bheith foghlamtha agus (i gcás inarb ábhartha) déantar moltaí inti maidir le feabhsuithe sna blianta amach romhainn ar chur chun feidhme leanúnach an chláir.

Ceacht 1 – tacaíocht ón Aontas do chomhpháirteanna coiteanna de chórais dhigiteacha

Léirítear sna cás-staidéir a rinneadh ar cheithre Chóras Leictreonacha Eorpacha (EES) mhóra an chaoi ar chuir infheistíocht an Aontais i gcomhpháirteanna coiteanna tairbhí nithiúla ar fáil d'fheidhmiú an Aontais Custaim. Ní bheadh sé réadúil go bhféadfaí, gan cúnamh ón Aontas, uaillmhianta CCA a bhaint amach laistigh den amlíne a beartaíodh. Léiríodh sa mheastóireacht eatramhach nach mbeadh cásanna malartacha maidir leis na córais a ndearnadh staidéar orthu chomh héifeachtach ná chomh héifeachtúil céanna. Cé nach féidir torthaí na gcásanna a eachtarshuí go meicniúil chuig breis agus 50 EES, bhí na córais a roghnaíodh ina léiriú ar chineálacha éagsúla dúshlán. Sa mhéid sin, d'fhéadfadh na ceachtanna a foghlaimíodh a bheith infheidhme ar bhonn níos forleithne i gcásanna comhchosúla. Tá sé léirithe ag an gCoimisiún, mar shampla, gur féidir leis córais mhóra chasta amhail CRA2 a chur ar fáil go rathúil. Mar sin féin, tháinig cur chun feidhme céimnithe, dlúthchomhar leis an earnáil phríobháideach agus cumarsáid thráthúil le páirtithe leasmhara chun cinn mar ghnéithe tábhachtacha. San am céanna, braitheann feidhmiú rathúil chlár oibre CCA ar thionscadail náisiúnta freisin, a ndéanann an Coimisiún faireachán orthu ach a fhanann faoi rialú na mBallstát. I bhfianaise na n-éileamh comhthreomhar ar na Ballstáit agus ar oibreoirí eacnamaíocha, a chuireann brú ar acmhainní, tá gá leanúnach le tacaíocht an chláir sa réimse sin. Ina theannta sin, sainaithnítear sa mheastóireacht eatramhach deiseanna chun tuilleadh feabhais a chur ar an idirphlé le trádálaithe trí threoir theicniúil agus oibríochtúil atá níos fabhraí do ghnólachtaí a sholáthar chun an t-ualach a bhaineann le córais nua a thabhairt isteach nó aistriú chuig córais nua a laghdú.

Ceacht 2 – maidir leis na gníomhaíochtaí comhoibríocha

Tá ról ríthábhachtach ag gníomhaíochtaí comhoibríocha, lena dtacaítear leis an ngné dhaonna den chlár Custaim. Cé go bhfeidhmíonn go leor gníomhaíochtaí go héifeachtach, uaireanta bhí dúshláin a bhain le húinéireacht agus ceannaireacht na mBallstát rompu siúd a raibh rannpháirtíocht theoranta ag an gCoimisiún iontu. Dá bhrí sin, b'iomchuí breathnú arís ar an gcur chuige atá ann faoi láthair maidir le rialachas na ngníomhaíochtaí sin.

Go háirithe, d'fhéadfaí tacú leis sin trí fheasacht a mhúscailt ionas go mbeadh tuiscint ní b'fhearr ag an mbainistíocht shinsearach laistigh de riaracháin náisiúnta ar thábhacht na ngníomhaíochtaí sin, ar a thairbhí agus a d'fhéadfaidís a bheith agus ar an ngradam a d'fhéadfadh a bheith ag baint lena stiúradh (arb é is mó atá i gceist). Mura féidir an tsamhail

sin a ghlacadh laistigh den chlárthréimhse atá ann faoi láthair, d'fhéadfaí í a mheas laistigh den Athchóiriú Custaim atá beartaithe.

Ceacht 3 – maidir leis an gCóras Bainistíochta Foghlama

Cé nach bhfuil aon amhras ann go gcuirtear feabhas leis an gCóras Bainistíochta Foghlama (LMS) ar an méid a tháinig roimhe, d'fhéadfaí roinnt feidhmiúlachtaí de chuid LMS a mhionchoigeartú agus d'fhéadfaí feabhas a chur ar naisc le córais bainistíochta foghlama na mBallstát. D'fhéadfadh sé sin éifeachtúlacht a fheabhsú agus an toradh ar infheistíocht in acmhainní oiliúna a uasmhéadú, rud a chuirfeadh barr feabhais ar thairbhí an chórais. Tá deiseanna ann freisin chun tagarmharcanna agus spriocanna a shocrú, anois agus aibíocht bainte amach ag an gcóras, agus chun tionscnaimh ar chostas íseal a sheoladh chun an lucht foghlama ón earnáil phríobháideach a leathnú.

Ceacht 4 – maidir le nuálaíocht

Baineadh úsáid as na chéad chúpla bliain den chlár chun tuiscint níos soiléire a fhorbairt ar an rud a nglacfar leis mar nuálaíocht i réimse an bheartais custaim (i gcomparáid le nuálaíocht laistigh den fhorbairt TF go háirithe). Dá gceapfaí 'curadh' nuálaíochta tiomnaithe, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí dul chun cinn ní ba thapúla amach anseo. Bheadh an curadh nuálaíochta freagrach as cultúr atá dírithe ar an nuálaíocht a chur chun cinn, as meithleacha ábhartha a threorú agus as comhar a dhéanamh le comhghleacaithe in AS TAXUD, san Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile (AS HOME) – an tseirbhís atá i gceannas ar ghnéithe beartais na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta don tslándáil shibhialta, lena n-áirítear bainistiú teorainneacha agus custaim – chomh maith le comhghleacaithe san Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) agus san Ard-Stiúrthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht (AS RTD). Rachadh an curadh i dteagmháil freisin le comhpháirtithe seachtracha, lena n-áirítear Grúpa Teagmhála na Trádála TAXUD, tionscadail taighde ábhartha a bhaineann le custam arna gcistiú ag an Aontas faoin gclár Fís Eorpach agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC), chun treoir straitéiseach agus ceannaireacht chomhtháite a sholáthar do na páirtithe leasmhara uile.

Ceacht 5 – maidir le bainistiú tionscadal

I bhfianaise na ndúshlán a tháinig chun cinn le déanaí a bhaineann le forbairtí geopholaitiúla, le héabhlóid na trádála idirnáisiúnta agus leis an digitiú leanúnach, is gá slí a choinneáil i raon feidhme an chláir do thacaíocht sholúbtha chomhleanúnach. Ós rud é go leithdháiltear cuid mhór de bhuiséad an chláir ar thionscadail mhórscála TF, agus muid ag féachaint níos faide chun cinn, d'fhéadfaí forbairt a dhéanamh ar shamplaí d'úsáid na gcur chuige is sofhreagrúla maidir le bainistiú tionscadal chun solúbthacht thacaíocht an chláir a neartú a thuilleadh i bhfianaise riachtanais a bheidh ag athrú go tapa.

Ceacht 6 – maidir leis an gCreat Faireacháin agus Meastóireachta

Deimhnítear sa mheastóireacht eatramhach go bhfuil an creat atá ann faoi láthair níos simplí ná an creat a bhí ann roimhe. Mar sin féin, tugann sé tús áite fós do thacar cuimsitheach táscairí thar leagan cuíchóirithe ní b'inbhainistithe. Chun an Creat Faireacháin agus Meastóireachta

(CFM) a dhéanamh níos éifeachtaí amach anseo, ba cheart breithniú dáiríre a dhéanamh ar an líon táscairí agus ar mhinicíocht an tuairiscithe a laghdú a thuilleadh. Maidir le táscairí a bhaineann le Córais Leictreonacha Eorpacha (EES), dá gcuirfí insintí ar fáil a bheadh i gcomhréir le cuspóirí an chláir, thabharfadh siad sin léargais ní b'fhónta ná mar a thugann sonraí uimhriúla amháin. D'fhéadfadh sé go bhfuil luach teoranta ag roinnt fotháscairí agus go bhféadfaí iad a bhaint, agus d'fhéadfadh sé go rachadh sé chun tairbhe do chinn eile dá ndéanfaí meastóireachtaí tréimhsiúla orthu in ionad suirbhéanna bliantúla. Ina theannta sin, d'fhéadfaí táscairí a bhaineann le gníomhaíochtaí comhoibríocha a ailíniú níos fearr le cuspóirí sonracha an chláir agus leis na cineálacha gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán maidir leis an gclár Custaim nó sa chlár oibre. D'fhéadfaí nuálaíocht a léiriú trí chás-staidéir shonracha seachas trí thuairimí as suirbhéanna.